

Cuairt ar an tOileán Sciathánach

Diarmuid Johnson, 2010

Ar an mbus as Inbhir Nis a chuaigh mé isteach ar an Oileán Sciathánach. Lá glas, gaofar a bhí ann, beanna móra na Gaeltachta ag éirí aniar, agus solas na farráige ag breacadh ar íochtar na scamall. Shroich muid Caol Loch Aillse tar éis dhá uair a' chloig agus thug muid an bóthar ó thuaidh go Port Rí orainn féin.

I 2009, chaith mé coicís leis an bhfile Maoilios Caimbeul i gceann thuaidh an oileáin. Bhí sé romham i bPort Rí. 'Do chéad fáilte ar ais go Trotarnais,' arsa sé. Trotarnais an t-ainm atá ar thuaisceart an oileáin. Is ainm Lochlannach atá ann, ach oiread le cuid mhór eile de logainmneacha an oileáin, leithinis gharbh, shléibhtiúil a bhfuil caladh mór ann in Uig ar an taobh thoir, agus a mhacasamhail de chuan i bPort Rí, príomhbhaile an oileáin in oirthear na leithinse.

Tuairim 's 14 míle duine daonra an Oileáin Sciathánaigh. Tá Gaidhlig ag 20% nó mar sin den daonra an lae inniu. Mionlach. Sin mar atá go forleathan anois. 59 míle cainteoirí Gaidhlice a chuir a n-ainm le daonáireamh na bliana 2001. Bíodh 's go bhfuil siad sin scaipthe ar fud na hAlban, in Inbhir Nis, i nDún Éideanna agus i nGlaschú, ní móide go bhfuil pobal dúchais Gaidhlice ar bith ar an mórthír feasta. Ach tá mionphobal Gaidhlice i mbaile Fhlodagharraidh fós. Is ann a bhí mo chónaí-se 14 míle ó thuaidh de Phort Rí. Bunaíodh an baile sa mbliain 1909. Tháinig na daoine ó na bailte máguaird le breis talún a thabhairt chun míneadais. Tógadh 14 teach. Is iad sliocht na seandaoine atá i 12 de na tithe sin fós inniu, agus tá Gaidhlig ina bhformhór.

Ó tharla 'úidh mhòr' agam sa teanga, chuir mé cluais orm féin agus mé amuigh. Is Gaeilgeoir as na hEarradha atá i mbean an tsiopa. 'Tha fáilte ar ais ort,' a deir sí liom. Chuala mé beirt fhear ag Gaeilgeoireacht sa doras. Tháinig duine eile tigh Mhaoilios lá dá raibh mé ann. Bhí gariníon leis ag bailiú seanchais le haghaidh tionscain scoile. Tá béim ar an nGaidhlig i mbunscoile na háite, rud nach féidir talamh slán a dhéanamh de. Ach níl fágtha ach duine nó beirt a bhfuil seanchas na háite acu fós. 'Is deireadh ré atá ann,' arsa Maoilios Caimbeul. 'Ní bhíonn aithne ag na daoine ar a chéile sa lá atá inniu ann'. Casadh dúinn duine eile de na comharsain lá arna mháireach agus é ag seoladh a chuid caorach. Rinneadh beagán cainte. 'Feumaidh mi cumall ag dol,' ar sé - 'caithfidh mé coinneáil orm'. Is mé a bhí buíoch do Raidió nan Gaedhal: bíonn Gaidhlig go leor le clos air sin. Marach é, bheinn taobh le broсна cainte ar an tsráid.

Is i gceantar Staffain in aice le Flodagharraidh atá ceann de na músaeim is spéisiúla sa nGaeltacht. Is cuairt amuigh faoin aer atá ann. Cuairt ar áiteacha ar díol suntais iad ar bhealaí éagsúla. Tuairim 's dosaen suíomhanna i bhfoisceacht 10 míle dá chéile atá i gceist. Tá leacht ar gach suíomh agus míniú uirthi i nGaidhlig agus i mBéarla maidir le scéal an tsuímh.

Ar an gcladach i Staffain, cuir i gcás, tá lorg díneasár ann, agus leacht eolais maidir le cianstair na háite. Is deacair lorg na gcos a fheiceáil ar na leacracha sleamhna, ach is maith an teist iad ar ársaíocht na gcloch. Tamall ó bhaile, tá an Chuithreang - 'Quirang' i mBéarla - sliabh a mheallann na mílte turasóirí bliain i ndiaidh a chéile. Pléasc mhór i mbroinn na talún ba chúis leis an sliabh seo. Is staic mhór, mhearbhallach atá ann, agus

barr maol cothrom air. Chonaic mé iolar ann an lá ar shiúil muid an cosán dearg faoi ucht na tsléibhe.

Rubha nam Bráithrean is ainm don tríú áit. De réir an tseanchais, bhí cónaí ar an ngob iargúlta seo ar chuid de na fíréin sa tseanaimsir. Leathdheimhniú air sin lorg na gcillíní faoi chraiceann na talún. Áit eile dá shórt is ea Rubha Húnais. Is seanbhaile bánaithe atá anseo, san áit nár eirigh leis na daoine slí bheatha a fháisceadh as an talamh lom. Tá ocht dtithe bánaithe le feiceáil ann go soiléir fós. Ar an mullach is airde in Oir-Thuaisceart an oileáin, i Rubha Húnais, tá tigín na maor cósta, agus is ann a chuaigh mé ar an bhfoscadh le mo chéile siúil le ráig a ligean tharainn. Bhí éanlaith na mara le feiceáil go flúirseach ar fud an chuain.

Oileán an Cheo an leasainm atá ar an Oileán Sciathánach. An lá a mbíonn an ghrian ag taitneamh ann, lasann an fharraige agus an spéir le míle dath go luaimneach, glégeal. Ach is minic na néalta buailte le barr na sléibhte, é ina ropadh gaoithe 's báistí, agus tuilte móra thar an mbóthar amach. 'Na seacht síon' a thugann na daoine ar an gcineál sin aimsire. Ó tharla gan mórán tithe ósta le fáil, sin é an t-am a léitear alt sa *Free Highland Press*, nó b'fheidir sliocht as an mBíobla.

'Caithfidh tú a theacht ar ais mí Mheithimh,' arsa fear liom lá in ionad pobail Cholumba 1400 i Staffain. 'Ní bhíonn oíche ar bith ann'. Uair ar bith ó Bhealtaine go Lá 'le Michíl, is cinnte go mbeidh deis ag duine a dhóthain a shiúil agus a fheiceáil, ach na bróga móra a bheith air, cóta maith báistí, agus b'fhéidir 'dram' fuisce ina phóca.